2024/1784

24.6.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1784 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2135 [1].

(2) An 27 Samhain 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') ráiteas thar ceann an Aontais maidir leis an staid sa tSúdáin inar cháin an tAontas agus a Bhallstáit go láidir arís an troid leanúnach idir Fórsaí Armtha na Súdáine agus na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí cleamhnaithe faoi seach. Cuireadh in iúl leis an ráiteas sin freisin gur saoth leo gur tháinig géarú suntasach ar an bhforéigean agus gur cailleadh daoine in Darfur agus ar fud na tíre, agus gur saoth leo na sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(3) An 22 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/383 ón gComhairle [2] lenar ghlac sí an chéad sraith de bhearta sriantacha i gcoinne sé eintiteas de chuid Fhórsaí Armtha na Súdáine agus na bhFórsaí Mear-Thacaíochta atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine.

(4) An 1 Márta 2024, cháin an tArdionadaí, in éineacht leis an gCoimisinéir um Bainistiú Géarchéime, go láidir an toirmeasc a chuir údaráis *de facto* na Súdáine le déanaí ar chúnamh daonnúil trasteorann a sheachadadh ó Shead go dtí an tSúdáin i gcomhair na sibhialtach atá ag fulaingt faoi lámha Fhórsaí Armtha na Súdáine agus na bhFórsaí Mear-Thacaíochta araon, ar sárú follasach é ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart seisear a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/2135 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/383 ón gComhairle an 22 Eanáir 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2024/383, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/383/oj).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135, faoi cheannteideal A 'Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus in Airteagal 2(1)', cuirtear an tábla agus na hiontrálacha seo a leanas léi:

	'Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Mirghani Idriss SULEIMAN	Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Leifteanant-Ghinearál i bhFórsaí Armtha na Súdáine; Ard-Stiúrthóir Defence Industries System; Ceann Ghníomhaireacht Táirgthe Arm na Súdáine Daoine a bhfuil baint acu leis: An Ginearál Abdelfattah Al-Burhan, Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha na Súdáine Eintitis chomhlachaithe: Defense Industry System, SMT Engineering; Fórsaí Armtha na Súdáine	Is oifigeach d'Fhórsaí Armtha na Súdáine é an Leifteanant-Ghinearál Mirghani Idriss Suleiman atá ina Ard-Stiúrthóir ar Defense Industry System (DIS), cuideachta atá curtha faoi smachtbhannaí ag an Aontas Eorpach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil na Súdáine i mbaol. Cuirtear síos ar DIS mar an fiontar cosanta is mó sa tSúdáin, a ghineann thart ar USD 2 bhilliún in ioncam trí na céadta fochuideachtaí ar fud earnálacha éagsúla de gheilleagar na Súdáine. Monaraíonn DIS raon mionarm, gnáth-armán, armlón agus feithiclí míleata le haghaidh Fhórsaí Armtha na Súdáine. Líomhnaítear gur thaisteal Mirghani Idriss Suleiman, mar Ard-Stiúrthóir DIS, go forleathan leis an nGinearál Abdelfattah Al-Burhan, Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha na Súdáine, ó thús an chogaidh, chun cur le cumas Fhórsaí Armtha na Súdáine na Fórsaí Mear-Thacaíochta a chomhrac ar roinnt frontaí i gCartúm, Darfur agus Kordofan. Dá bhrí sin, tacaíonn Mirghani Idriss Suleiman le gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol.	24.6.2024

	‘Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	EL TAHIR Mohamed EL AWAD EL AMIN ar a dtugtar freisin: EL TAHIR Mohamed EL AWAD EL AMIN AL-TAHER; Mohammed AL-AWAD AL-AMIN	Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Leifteanant-Ghinearál, Ceannasaí Aerfhórsa na Súdáine ón 1 Meán Fómhair 2022 i leith; Iar-Déan Choláiste Aerfhórsa na Súdáine; Iar-Cheannasaí Aerbhunáit Chartúm Daoine a bhfuil baint acu leis: An Ginearál Abdelfattah Al-Burhan, Ceannasaí Uachtarach Fhórsaí Armtha na Súdáine; An Leifteanant Ghinearál Yasir al-Atta, Ardcheannasaí Cúnta Fhórsaí Armtha na Súdáine; An Ginearál Mohamed Osman al-Hussein, Ceann Foirne Fórsaí Talún Fhórsaí Armtha na Súdáine Eintitis a bhfuil baint acu leis: Fórsaí Armtha na Súdáine	Is Leifteanant-Ghinearál i bhFórsaí Armtha na Súdáine agus Ceannasaí Aerfhórsa na Súdáine é El Tahir Mohamed El Awad El Amin ón 1 Meán Fómhair 2022 i leith. Dá bhrí sin, tá sé i gceannas ar na hoibríochtaí a rinne Aerfhórsa Fhórsaí Armtha na Súdáine ó thús na coinbhleachta idir Fórsaí Armtha na Súdáine, na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí gaolmhara an 15 Aibreán 2023, mar a léiríodh trína rannpháirtíocht arna nochtadh go poiblí i gcruinnithe ardleibhéil de cheannasaithe sinsearacha Fhórsaí Armtha na Súdáine faoi cheannas an Ardcheannasaí Abdelfattah Al-Burhan i gCeannas Ginearálta Fhórsaí Armtha na Súdáine i gCartúm i mí na Bealtaine agus i mí Iúil 2023. Dá bhrí sin, tá freagracht dhíreach cheannasaíochta ar El Tahir Mohamed El Awad El Amin as an aerbhuamáil neamh-idirdhealaitheach a rinne Aerfhórsa Fhórsaí Armtha na Súdáine i limistéir chónaithe dhlúthdhaonra, go háirithe i gCartúm, in Omdurman, in Nyala (Darfur Theas) agus in Kordofan Thuaidh, arna dhoiciméadú ag Misean Cúnaimh Chomhtháite na Náisiún Aontaithe um Aistriú sa tSúdáin (UNITAMS) ina thuarascálacha an 31 Lúnasa 2023 agus an 13 Samhain 2023 chuig an Ardrúnaí, i dtuarascáil an 22 Feabhra 2024 ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus i dtuarascáil an 15 Eanáir 2024 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an tSúdáin. Dá bhrí sin, bhí El Tahir Mohamed El Awad El Amin rannpháirteach go díreach i leanúnachas na coinbhleachta sa tSúdáin, rud a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil na Súdáine i mbaol, agus bhí baint aige le haeroibríochtaí a phleanáil, a stiúradh agus a chur i gcrích a raibh sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta mar thoradh orthu ós iad ba chúis le líon ard taismeach sibhialtach, le heasáitiú an phobail shibhialtaigh agus le scriosadh bonneagar criticiúil, lena n áirítear saoráidí leighis ar nós Ospidéal na Níle Thoir i gCartúm, i mí na Bealtaine 2023, agus Ospidéal Péidiatraiceach Babiker Nahar in El-Fasher, i mí na Bealtaine 2024.	24.6.2024

	‘Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Ali Ahmed KARTI MOHAMED	Dáta breithe: 11.3.1953 Áit bhreithe: Hagar Elassal – an tSúdáin Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Ball dílis de Pháirtí na Comhdhála Náisiúnta; Ardrúnaí Ghluaiseacht Ioslamach na Súdáine; Iar-Aire Gnóthaí Eachtracha na Súdáine Uimhir aitheantais: 11822483949 Eintitis a bhfuil baint acu leis: Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Súdáine; Gluaiseacht Ioslamach na Súdáine	Ba é Ali Ahmed Karti Mohamed Aire Gnóthaí Eachtracha na Súdáine faoi Rialtas Omar al-Bashir. Tar éis thitim réimeas al-Bashir, roghnaíodh Ali Ahmed Karti Mohamed mar dhuine de cheannairí Ghluaiseacht Ioslamach na Súdáine agus bhí sé i gceannas ar iarrachtaí chun an bonn a bhaint de dhul chun cinn na Súdáine i dtreo aistriú iomlán daonlathach, tríd an mbonn a bhaint den iar-rialtas idirthréimhseach faoi stiúir sibhialtach agus de phróiseas an Chreat-Chomhaontaithe Pholaitiúil. Chuir sé sin leis an gcoinbhleacht idir Fórsaí Armtha na Súdáine agus na Fórsaí Mear-Thacaíochta, a thosaigh an 15 Aibreán 2023. Tá sé féin agus Ioslamaithe dochta eile na Súdáine ag cur bac, ar bhealach gníomhach, ar iarrachtaí teacht ar shos comhraic chun deireadh a chur leis an gcoinbhleacht agus tá siad i gcoinne iarrachtaí sibhialta aistriú daonlathach na Súdáine a athbhunú. Tá Ali Ahmed Karti Mohamed ina bhall dílis de Pháirtí na Comhdhála Náisiúnta, a bhunaigh Omar Al-Bashir in 1998. Is é Páirtí na Comhdhála Náisiúnta an eagraíocht a tháinig i gcomharbacht ar an bhFronta Náisiúnta Ioslamach atá cleamhnaithe leis an mBráithreachas. Faoi láthair, is é Ali Ahmed Karti Mohamed Ardrúnaí Ghluaiseacht Ioslamach na Súdáine, comhghuaillíocht leathan de ghrúpaí Ioslamacha, agus meastar gurb é an fear is bun le hathbheochan Pháirtí na Comhdhála Náisiúnta. Tá tionchar láidir ag an ngluaiseacht Ioslamach ar Fhórsaí Armtha na Súdáine, ar na póilíní agus ar na seirbhísí faisnéise. Dá bhrí sin, tá Ali Ahmed Karti Mohamed i mbun, go díreach nó go hindíreach, gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol, nó tá tacaíocht á cur ar fáil aige do na gníomhaíochtaí nó na bearta sin, nó tá tairbhe á baint aige astu.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1784/oj

	‘Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	Abdulrahman JUMA BARAKALLAH ar a dtugtar freisin: An Maor-Ghinearál Abdulrahman GOMAA; Abdul Rahman JUMA BARAKALLAH	Áit bhreithe: AlDaein- Abu Matareq, Darfur Thoir, an tSúdáin Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Maorghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus Ceannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur Thiar Eintitis a bhfuil baint acu leis: Na Fórsaí Mear-Thacaíochta	Is Ginearál mór le rá é Abdulrahman Juma Barakallah i measc na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, atá i gceannas ar fhórsa míleata na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur Thiar. Tá sé freagrach as ainghníomhartha agus mí-úsáidí eile a dhéanamh, as maruithe ar bhonn eitneach a spreagadh, as ionsaithe spriocdhírithe ar ghníomhaithe agus ar chosantóirí chearta an duine, as foréigean gnéasach coinbhleacht-bhainteach, agus as pobail a chreachadh agus a loscadh. Tá sé freagrach freisin as Gobharnóir Darfur Thiar, Khamis Abbakar, agus a dheartháir a fhuadach agus a fheallmharú. Maraíodh Khamis Abbakar uaireanta an chloig tar éis dó ionsaí ar phobail áitiúla in Al Geneina, príomhchathair Darfur Thiar, a chur i leith na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus na mílístí gaolmhara, in agallamh le Al Hadath, stáisiún teilifíse faoi úinéireacht na hAraibe Sádaí, agus Al Arabiya, stáisiún teilifíse de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Chuir Eagraíochtaí Neamhrialtasacha idirnáisiúnta i leith Abdulrahman Juma Barakallah freisin go raibh sé freagrach as cinedhíothú an phobail Masalit. Dá bhrí sin, tá Abdulrahman Juma Barakallah freagrach as gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a chur i gcrích in Darfur Thiar, ar sáruithe tromchúiseacha nó ar mí-úsáidí trómchúiseacha ar chearta an duine nó ar mí-úsáidí nó sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad, lena n-áirítear marú agus ciorrú, éigniú agus cineálacha tromchúiseacha eile d’fhoréigean gnéasach agus inscne-bhunaithe, d’fhuadach agus d’easáitiú éigeantach. Mar Ghinearál de na Fórsaí Mear Thacaíochta in Darfur Thiar, bíonn sé i mbun freisin, go díreach nó go hindíreach, gníomhaíochtaí nó i mbeartais a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol.	24.6.2024

	‘Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	Mustafa Ibrahim ABDEL NABI MOHAMED	Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Stiúrthóir al-Khaleej Bank; scairshealbhóir tromlaigh Shield Protective Solutions Co. Ltd. (an tSúdáin); comhairleoir airgeadais do cheannaire na bhFórsaí Mear-Thacaíochta Pas uimhir: B CH 4930920 Daoine a bhfuil baint acu leis: Musa Hamdan Dagalo Musa, deartháir le ceannaire na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, Mohamed Hamdan Dagalo Eintitis a bhfuil baint acu leis: Al-Khaleej Bank; Shield Protective Solutions Co. Ltd. (an tSúdáin)	Is iaroifigeach sinsearach de Bhanc Ceannais na Súdáine é Mustafa Ibrahim Abdel Nabi Mohamed a ceapadh ina chomhairleoir airgeadais de na Fórsaí Mear-Thacaíochta; cuidíonn sé leo gréasán seach-chuideachtaí agus seacheintiteas a bhainistiú. Le déanaí, i dTuarascáil ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le smachtbhannaí in Darfur, rinneadh tagairt d’iaroifigeach sinsearach de chuid Bhanc Ceannais na Súdáine atá lonnaithe in Dubai agus atá anois ina chomhairleoir airgeadais ag na Fórsaí Mear-Thacaíochta, gan é a ainmniú. Mínítear sa tuarascáil freisin go raibh ról lárnach ag al Khaleej Bank i maoiniú na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in 2019 nuair a fuair daoine aonair agus eintitis a bhfuil baint acu leis na Fórsaí Mear-Thacaíochta úinéireacht tromlaigh an bhainc. Tá tuairiscí sna meáin agus meithleacha machnaimh tar éis an duine sin a aithint mar Mustafa Ibrahim Abdel Nabi Mohamed. Is Stiúrthóir é ar Al Khaleej Bank, banc de chuid na Súdáine. Tá os cionn 60 % de scaireanna Al Khaleej Bank i seilbh cuideachtaí a bhfuil baint acu le teaghlach Mohammad Hamdan Dagalo (Hemedti), ceann na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Is é Mustafa Ibrahim Abdel Nabi Mohamed scairshealbhóir tromlaigh Shield Protective Solutions Co. Ltd. Is é duine de dheartháireacha Hemedti, eadhon Musa Hamdan Dagalo Musa, an scairshealbhóir eile sa chuideachta sin agus tá os cionn 14 % den scairsheilbh in al Khaleej Bank ag an gcuideachta. Mar chomhairleoir airgeadais do na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus do mhuintir Dagalo, tá Mustafa Ibrahim Abdel Nabi Mohamed i mbun, go díreach nó go hindíreach, gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol, nó tá tacaíocht á cur ar fáil aige do na gníomhaíochtaí nó na bearta sin, nó tá tairbhe á baint aige astu.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1784/oj

	‘Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
6.	Masar Abdurahman ASEEL ar a dtugtar freisin Massar Abdelrahman ASSIL Masar Abdelrahman ESEIL Massar ASSEL Masar ASIL	Inscne: fireann Feidhm: Amir d’fhine Mahamid in Darfur Thiar; Comhalta den Riarachán Dúchasach in Darfur Thiar	Tá Masar Abdurahman Aseel ina cheannaire treibhe mór le rá ar fhine Mahamid in Darfur Thiar. Baineann fine Mahamid leis an treibh Rizeigat a chuimsíonn pobail Arabacha atá ina gcónaí in Darfur agus Sead. Tá an teideal Amir aige agus tá sé ina bhall den Riarachán Dúchasach in Darfur Thiar. D’éascaigh Masar Abdurahman Aseel na hionsaithe a bhí faoi stiúir na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí gaolmhara i gcoinne na bpobal áitiúil a bhfuil cónaí orthu in El Geneina (Darfur Thiar), go háirithe an pobal Massalit, ó mhí Aibreáin 2023. Go háirithe, rannchuidigh sé go díreach leis an earcú agus an armáil mílístí a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus leis an gcomhordú idir na fórsaí sin, mar a thuairiscítear sa 15ú tuarascáil chríochnaitheach ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an tSúdáin, a foilsíodh i mí Eanáir 2024, chun a n-ionsaithe spriocdhírithe ar bhonn eitneach a dhéanamh, go háirithe i gcoinne an phobail Massalit, in Darfur Thiar idir deireadh mhí Aibreáin agus tús mhí na Samhna 2023. D’fhoilsigh na Fórsaí Mear-Thacaíochta físeáin bholscaireachta ina raibh Masar Abdurahman Aseel i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2024, rud a léirigh a thacaíocht chogadh-ghríosaitheach do na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a ról maidir leis na trúpaí is bun do na Fórsaí Mear-Thacaíochta a shlógadh chun páirt a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne Fhórsaí Armtha na Súdáine ón 15 Aibreán 2023. Dá bhrí sin, thacaigh Masar Abdurahman Aseel go díreach le gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol, agus thairbhigh sé de na gníomhaíochtaí nó na bearta sin. Trí thacú leis an urghabháil a rinne na Fórsaí Mear Thacaíochta ar Darfur Thiar, neartaigh Masar Abdurahman Aseel a sheasamh féin agus a thionchar laistigh de Riarachán Dúchasach Darfur Thiar, ar chostas ceannairí pobail eile, go háirithe iad siúd de chuid an phobail Massalit, ar pobal é a bhfuil na Fórsaí Mear Thacaíochta agus a mílístí gaolmhara ag díriú air.	24.6.2024’